

ELEATHANACH 369

DÉ LUAIN, AN 7 NOLLAIG 2020

NOLLAIG SHONA
AGUS



ATHBHLIAIN FAOI
MHAISE DUIT

Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise Daoibh!

Beidh an Eleathanach ar ais i Mí Eanáir 2021!

Éistigí leis an údar Áine Ní Ghlinn anseo ag labhairt faoi leabhair

Ghaeilge. Tá sé an-suimiúil!

Is bronntanas álainn é an leabhar Gaeilge don Nollaig!

<http://www.artscouncil.ie/Initiatives/Laureate-na-nog/>

Seo í Stephanie Frappart!



Priscilla Boyle

In Arkansas sna Stáit Aontaithe chéiliúir bean a lá breithe Dé Máirt seo caite. Tá sí 106 bliana d'aois. Fuair Priscilla Boyle Covid i Mí an Mheithimh agus chaith sí mí san ospidéal leis an víreas.

Tá biseach uirthi anois. Tá sí an-sláintiúil. Dúirt sí go n-itheann sí bia sláintiúil atá go maith don chorp agus don intinn.

Bhí féasta (le scaradh sóisialta i bhfeidhm) ag a teaghlach taobh amuigh den teach ina bhfuil sí ina cónaí.

Ghuigh gobharnóir an stáit, Asa Hutchinson, lá breithe sona uirthi.

Dúirt Asa gur dea-scéal é seo don Nollaig agus gur chóir dúinn ar fad bia sláintiúil a ithe!

Stephanie Frappart

Is réiteoir ón bhFrainc í Stephanie Frappart agus rinne sí gaisce oíche Dé Céadaoin seo caite. Ba í an chéad bhean riamh a bhí mar réiteoir ar chluiche na bhfear sa *UEFA Champions League*.

Tá Stephanie 36 bliain d'aois agus bhí sí i gceannas ar an gcluiche idir Juventus agus Dynamo Kiev. Bhuuigh Juventus an cluiche 3-0, agus fuair Federico Chiesa, Cristiano Ronaldo agus Alvaro Morata na cúl.

Ba í an chéad bhean riamh a bhí mar réiteoir ar chluiche ceannais Eorpach nuair a bhí sí i gceannas ar an *UEFA Super Cup Final* idir Liverpool agus Chelsea i Meán Fómhair 2019.

Mí roimhe sin, bhí Stephanie mar réiteoir ag an gcluiche ceannais idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ísiltír ag Corn Domhanda na mBan. Is léir go bhfuil an domhan i gcroí a boise ag Stephanie Frappart!

Seo í
Priscilla
Boyle!

